

Cuntas Leithreasa 2024

Vóta 21

Príosúin

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus speansais Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, ar speansais eile a bhaineann le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €1.367 milliún a ghéilleadh don Stáchtiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gcioclán 20 de 2024, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGASanna) a tugadh in éifeacht ón 1 Eanáir 2024 i leith, ach amháin sna cásanna seo a leanas.

Chun aistriú an chuntais leithreasa chuig Caighdeán Chuntasaíochta an Rialtais Láir a éascú, fuair Seirbhís Phríosúin na hÉireann maoluithe i leith CGAS 17 - Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh mar a leanas.

- Ní dhearnadh réadmhaoin, a chuimsíonn talamh agus foirgnimh a aithníodh de réir costas úsáide nó margadhluach láithreach nó de réir costas reatha athsholáthair dar luach €1.4 billiún, a athluacháil de réir luach cóir go fóill i gcomhréir le CGAS 17:42A agus 17:44.
- Ní dhearnadh foirgnimh a dhíluacháil i gcomhréir le CGAS 17:59 agus 17:66.
- Níl cúlchistí athluachála is inchurtha i leith talún agus foirgneamh nochta sa chuntas maoinithe Stáit i gcomhréir le CGAS 17:92.

Tá sé beartaithe ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann na luachálacha foirmiúla a chur ar áireamh i gcuntas leithreasa 2025.

Luacháil ar thalamh agus foirgnimh

Is leis an Aire Dlí agus Cirt trí cinn déag de phríosúin agus d'ionaid choinneála, mar aon le réadmhaoin ag Coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i bPort Laoise, réadmhaoin atá cóngarach don fhoirgneamh Ceanncheathrún ar an Longfort, agus dhá láithreán i mBaile Átha Cliath: láithreán beag amháin atá cóngarach do Phríosún Chnoc na Seamar, agus tailte a fuarthas le haghaidh forbairt príosúin ag Halla Bhaile na Sceach, Cill Shalcháin, Co. Bhaile Átha Cliath.

Sa nóta maidir le réadmhaoín, gléasra agus trealamh (nóta 2.1), déantar talamh a luacháil de réir luach úsáide nó margadhluach láithreach (mura bhfuil an talamh in úsáid), agus déantar foirgnimh phríosúin a luacháil de réir meánchostas athsholáthair in aghaidh an chillín. Nochtadh na hathluachálacha is déanaí sa bhliain 2020, agus tugtar athluachálacha cothrom le dáta gach cúig bliana. Rinneadh luacháil neamhspleách ar na tailte ag Halla Bhaile na Sceach sa bhliain 2021. Cuireadh an fháil ar sciar den talamh sin in iúl don Gníomhaireacht um Fhorbairt Talún agus do chomhlachtaí iomchuí eile. Tá an luacháil reatha bunaithe ar an úsáid agus ar an gcriosú atá ann cheana, agus cuirtear san áireamh inti cáilíocht na talún talmhaíochta, an suíomh agus éadanas bóthair. Ní chuirtear san áireamh go sonrach inti, áfach, aon luach méadaithe atá bunaithe ar an bhféidearthacht atá ann an talamh a athchriosú le haghaidh úsáid mhalartach. Dá bhrí sin, coinneofar an luacháil faoi athbhreithniú.

I gcás na bliana 2024, iarradh maolú chun go bhféadfaí luachálacha luacha chóir a chur i gcrích ar bhonn comhtheorainneach i gcomhréir le CGAS 17:44.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Déantar dímheas ar réadmhaoín, gléasra agus trealamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus le CGAS 31 faoi seach.

Is mar a leanas atá na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta a bhaineann le haicmí móra sócmhainní caipitil.

<i>Aicme sócmhainní</i>	<i>Saolré Úsáideach</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Réadmhaoín	50 bliain	2%
Trealamh	5 bliana	20%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%
Ceadúnais bogearraí	5 bliana	20%
Bogearraí forbartha	10 mbliana	10%

Ábhair inchaite

Caitear le soláthairtí do bhéilí príosúnach, do ghlanadh, do chothabháil agus do cheardlanna mar mhíreanna speansais, agus ní áirítear i stoic iad.

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí.

Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhísí idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socrúithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúcháireacht inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce le pearsanra atá oile go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Roinn nochta dóibh a cuid oibre agus bíonn a pleananna iniúcháireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa i gcomhpháirt leis an gCoiste Iniúcháireachta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúcháireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conraithe eile agus €161.1 milliún san iomlán sa bhliain 2024.

Thug Seirbhís Phríosúin na hÉireann mionsonraí faoi sheacht gconradh chomhlíontacha ach neamhiomaíocha dar luach os cionn €25,000 sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon Seirbhís Phríosúin na hÉireann na treoirlínte ach amháin i gcás dhá chonradh ar mhó a luach ná €25,000 agus dar luach iomlán €51,577 (gan CBL a áireamh) sa bhliain 2024, mar atá leagtha amach thíos.

- Conradh amháin dar luach €26,027 (gan CBL a áireamh) chun oiliúint printiseachta a sainaithníodh a bheith ábhartha don mhargadh saothair reatha a thriail. Cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair don chlár oiliúna sin.
- Conradh amháin dar luach €25,550 (gan CBL a áireamh) le haghaidh leabhair leabharlainne a sholáthar. Ós rud é go raibh riachtanais ag méadú, cuireadh conradh i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Aibreán 2025.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm do gach príosún agus stiúrthóireacht, agus do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar leibhéal corparáideach, rud lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá ann ar gach leibhéal. Déantar na rioscaí sin a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasáí atá siad. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca (foireann ceannaireachta Stiúrthóirí) an clár rioscaí corparáideacha a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Déantar athbhreithnithe ráithiúla ar leibhéal an phríosúin/na stiúrthóireachta freisin. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don Choiste Bainistíochta Riosca, i gcás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Bíonn an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Ag eascairt as na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha iniúcháireachta le déanaí, déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann rialuithe airgeadais agus rialuithe agus próisis eile a athbhreithniú agus a neartú go leanúnach i réimsí amhail bainistíocht tionscadal TFC, baincéireacht, comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus próisis leanúnachais gnó/athshlánúcháin ó thubaiste. Laghdaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann an líon cuntas bainc tráchtála atá aici (nach mbaineann leis an vóta) ó 12 cheann ag deireadh na bliana 2023 go 4 cinn ag deireadh na bliana 2024 de bharr athchóiriú agus nuachóiriú leanúnach ar chórais agus ar phróisis.

Níor sainaithníodh aon laigí ábhartha ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2024 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Oonagh McPhillips

Oifigeach Cuntasaíochta

Príosúin

22 Méan Fómhair 2025

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 21 Príosúin

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 21 Príosúin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 21 Príosúin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Príosúin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Méan Fómhair 2025

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáлтаis agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí.

Aguisín a ghabhann le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar leanúint)

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 21 Príosúin

Cuntas Leithreasa 2024

		2024		2023
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Coimeád athshlánúcháin sábháilte, slán agus daonnachtúil a riar agus a sholáthar do dhaoine a chuirtear i bpríosún			
	Bunaidh	445,887		
	Forlíontach	56,000		
		501,887	500,692	443,783
Ollchaiteachas		501,887	500,692	443,783
<i>Lúide</i>				
B	Leithreasaí-i-gcabhair			
	Bunaidh	10,230		
	Forlíontach	2,000		
		12,230	12,402	11,653
Glanchaiteachas				
	Bunaidh	435,657		
	Forlíontach	54,000		
		489,657	488,290	432,130

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

	2024	2023
	€	€
Barrachas le géilleadh	1,366,732	1,348,624

Oonagh McPhillips
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin
27 Marta 2025

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024		
	2024	2023
	€000	€000
Costas an chláir	133,655	109,386
Pá	339,551	309,124
Neamhphá	27,486	25,273
Ollchaiteachas	500,692	443,783
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	12,402	11,653
Glanchaiteachas	488,290	432,130
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)		
Ceannacháin	(34,431)	
Dímheas	5,426	
Diúscairtí - airgead tirim	1	
Caillteanas ar dhiúscairtí	1	
Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)		
Ceannacháin	(2,657)	
Amúchadh	77	
	(31,583)	(21,688)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar fhardail	(87)	
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(309)	
Laghdú ar speansais fhabhraithe	14,912	
	14,516	1,873
Caiteachas díreach	471,223	412,315
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	93,625	87,867
Glanchoistas an chláir	564,848	500,182

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 21 a iompraíodh in áit eile.

		2024	2023
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	349	340
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	91,953	86,242
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	192	145
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	335	335
Vóta 24	Dlí agus Ceart (Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais)	777	779
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	19	26
		93,625	87,867

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 €000	2023 €000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	2.1	1,461,134	1,432,323
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	2,580	—
		1,463,714	1,432,323
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	11,143	11,632
Fardail	2.4	2,457	2,370
Réamhíocaíochtaí	2.5	6,029	5,720
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	1,116	657
Ioncam fabhraithe	2.7	176	176
		20,921	20,555
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.8	22,544	7,632
Iarmhéideanna sochair eile	2.9	11,796	12,136
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.10	463	153
		34,803	19,921
Glansócmhainní reatha		(13,882)	634
Glansócmhainní		1,449,832	1,432,957
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.11	1,449,832	1,432,957

2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

	Foirgnimh ^d	Feithiclí agus trealamh	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil^b						
Ag an 1 Eanáir 2024	1,410,588	15,643	86,583	711	6,957	1,520,482
Breiseanna	5,917	3,070	2,880	—	22,564	34,431
Aistriú ^a	—	—	—	—	—	—
Diúscairtí	—	(422)	(3,595)	(42)	—	(4,059)
Nithe a cuireadh in úsáid	7,150	—	—	—	(7,150)	—
Coigeartú ^c	—	—	(14,632)	(563)	—	(15,195)
Ag an 31 Nollaig 2024	1,423,655	18,291	71,236	106	22,371	1,535,659
Dímheas carntha						
Ag an 1 Eanáir 2024	—	11,303	76,176	680	—	88,159
Dímheas don bhliain	—	1,493	3,923	10	—	5,426
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(422)	(3,593)	(42)	—	(4,057)
Coigeartú ^c	—	—	(14,451)	(552)	—	(15,003)
Ag an 31 Nollaig 2024	—	12,374	62,055	96	—	74,525
Glansócmhainní						
Ag an 31 Nollaig 2024	1,423,655	5,917	9,181	10	22,371	1,461,134
Ag an 31 Nollaig 2023	1,410,588	4,340	10,407	31	6,957	1,432,323

Nóta ^a Fuair Seirbhís Phríosúin na hÉireann foirgneamh aon stóir ina bhfuil achar 240.6 m² saor in aisce ó Oifig na nOibreacha Poiblí i mí na Nollaig 2024. Léirítear é sin i gclár sócmhainní seasta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

^b Áirítear le costas nó luacháil sócmhainní áirithe a fuarthas ar chostas is lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021

^c Baineann na coigeartuithe seo le míreanna aonair ar lú a luach ná €10,000 a bhaint den chlár sócmhainní i gcomhréir le Ciorclán 21/2020: *Méadú ar an tairseach luacha le haghaidh sócmhainní a chur ar áireamh sa chlár sócmhainní.*

^d Tá pleananna i bhfeidhm chun a shocrú go ndéanadh Tailte Éireann na foirgnimh a luacháil de réir luach cóir ón mbliain 2025 i leith. Mar thoradh air sin, is féidir go dtiocfaidh laghdú ar luach i gcomparáid leis an luach reatha athsholáthair a chuirtear ar na foirgnimh faoi láthair. Ní féidir aon laghdú ar luach a mheas ach amháin tar éis luacháil fhoirmiúil a dhéanamh.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí faighte agus forbartha	Iomlán
	€000	€000
Costas nó luacháil		
Ag an 1 Eanáir 2024	91	91
Breiseanna	2,657	2,657
Ag an 31 Nollaig 2024	2,748	2,748
Amúchadh carntha		
Ag an 1 Eanáir 2024	91	91
Amúchadh	77	77
Ag an 31 Nollaig 2024	168	168
Glansócmhainní		
Ag an 31 Nollaig 2024	2,580	2,580
Ag an 31 Nollaig 2023	—	—

2.3 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
larmhéideanna agus airgead tirim ag an bPámháistir Ginearálta	10,939	11,583
larmhéideanna cuntais bainc tráchtála	204	49
	11,143	11,632

Nóta ^a Sealbhaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann ceithre chuntas bainc tráchtála. Bainistítear an t-airgead sna cuntais sin ar leithligh ó chistí vótáilte, agus baineann sé le siopaí príosúin, le Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh, agus le cistí pearsanta na bpríosúnach. Ach amháin i gcás íocaíochtaí aisce le príosúnaigh aonair, arb íocaíochtaí iad a eascraíonn as an Vóta, ní tharchuirtear trí na cuntais bhainc sin aon airgead atá dlite don Vóta ná a íoctar uaidh. Ba é €4,201,298 (2023: €4,027,523) an tsuim a sealbhaíodh sa chuntas ag deireadh na bliana 2024. Ní chuirtear an tsuim sin ar áireamh sa chuntas. Féach freisin nóta 6.6.

2.4 Fardail

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Éidí agus éadach	2,177	2,137
Ilghnéitheach	280	233
	2,457	2,370

2.5 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Riarachán na Roinne ^a	3,821	3,122
A.3 Foirgnimh agus trealamh ^{b c}	663	1,292
A.4 Seirbhísí do phríosúnaigh ^c	798	357
A.5 Seirbhísí oibríochtúla ^c	703	889
A.6 Seirbhísí oideachais	44	60
	6,029	5,720

- Nóta ^a Córais TFC a chothabháil agus tacaíocht a thabhairt dóibh, agus ceadúnú
- ^b Trealamh a chothabháil
- ^c Riarachán eile

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Cuntais óinchiste príosúin	392	392
Míreanna dochair eile ar fionraí	724	265
	1,116	657

2.7 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Fáltais a bhaineann le párolla	168	171
Fáltais ó oiliúint oibre	—	1
Fáltais eile	8	4
	176	176

2.8 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Cúram agus athshlánú príosúnach	3,776	3,415
Foirgnimh agus trealamh	723	2,065
Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF	972	1,275
Oiliúint agus forbairt	228	219
Taisteal agus cothú	199	53
Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach	284	351
Oibríochtaí coimeádta agus slándála	110	64
Oideachas	57	65
Costais dlí agus cúiteamh	31	125
Fabhrú a bhaineann le párolla	16,164	—
	22,544	7,632

Nóta ^a Sa bhliain 2024, tháinig athrú ar an dóigh a dtuairiscítear agus a n-anailísítear fo-mhírchinn chaiteachais riaracháin trí na fo-mhírchinn a atheagrú. Athanailísíodh na figiúirí comparáideacha don bhliain 2023 sa tábla thuas chun iad a ailíniú leis na fo-mhírchinn nua.

2.9 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don stát		
Cáin ioncaim	4,999	5,905
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	3,329	2,931
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	106	60
Cáin bhreisluacha	1,451	1,609
Cáin a asbhaineadh as aisíocaíochtaí ranníocaíochta pinsin	2	—
	9,887	10,505
Iarmhéideanna cuntais bainc a bhaineann leis an Vóta	204	49
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	739	667
Míreanna sochair eile ar fionraí	966	915
	11,796	12,136

2.10 Glanmhaoiniú ón Státhiste

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	1,367	1,349
Deontas ón Státhiste nár tarraingíodh	(904)	(1,196)
Glanmhaoiniú ón Státhiste	463	153

Arna léiriú ag:

Féichiúnaithe

Banc agus airgead tirim	11,143	11,632
larmhéideanna dochair: fionraí	1,116	657
	12,259	12,289

Creidiúnaithe

Dlite don Stát	(9,887)	(10,505)
larmhéideanna cuntais bainc a bhaineann leis an Vóta	(204)	(49)
larmhéideanna sochair: fionraí	(1,705)	(1,582)
	(11,796)	(12,136)
	463	153

2.11 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2024	2023
		€000	€000
larmhéid ag an 1 Eanáir		1,432,957	1,413,142
Eisiocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	489,657	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(1,367)	
Glanvóta		488,290	432,130
Caiteachas a iompraíodh in áit eile	1.1	93,625	87,867
Míreanna neamhairgid			
Glanchoigearuithe ar shócmhainní caipítíl	2.1	(192)	—
Glanhostas an chláir	1	(564,848)	(500,182)
larmhéid ag an 31 Nollaig		1,449,832	1,432,957

2.12 Ceangaltais

	2024	2023
a) Ceangaltais dhomhanda	€000	€000
ag an 31 Nollaig		
Tionscadail chaipitil	4,739	3,111
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	4,739	3,111

2.13 Léasanna oibriúcháin

(a) Ceangaltais léasa oibriúcháin arb í Seirbhís Phríosúin na hÉireann an léasaí ina leith	2024
	€000
Speansas léasa oibriúcháin don bhliain	236
Íocaíochtaí léasa íosta comhiomlána amach anseo faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe	
Laistigh de bhliain amháin	236
Idir 1 bhliain agus 5 bliana	826
Níos déanaí ná 5 bliana	—
	1,062
(b) Ceangaltais léasa oibriúcháin – arb í Seirbhís Phríosúin na hÉireann an léasóir ina leith	2024
	€000
Ioncam léasa oibriúcháin don bhliain	20
Íocaíochtaí léasa íosta amach anseo is infhaighte faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe	
Laistigh de bhliain amháin	18
Idir 1 bhliain agus 5 bliana	—
Níos déanaí ná 5 bliana	—
	18

Nóta ^a Baineann an léas oibriúcháin le CGAS 13. Níl aon chíosanna teagmhasacha iníoctha agus níl aon íocaíochtaí foléasa infhaighte.

2.14 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe ann nach raibh glanta ag deireadh na bliana 2024 ná sa bhliain roimhe sin.

2.15 Dliteanais theagmhasacha

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d’fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Áirítear leis na dliteanais theagmhasacha éilimh ar chúiteamh a bhaineann le sláintíocht sna cillíní. Is í an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát atá ag plé leis na héilimh sin thar ceann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Is éiginnte atá suim agus uainiú iarbhrí na ndliteanas a d’fhéadfadh a bheith ann. Féach freisin nóta 6.2 Costais chúitimh agus dlí.

2.16 Tionchar na n-athruithe i bpolasaithe cuntasáíochta sa bhliain 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasáíochta rialtais láir (CGAS) nua chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 i leith. Rinne an cur chun feidhme an difear seo a leanas d’iarmhéid an chuntais maoinithe Stáit.

Ag an 31 Nollaig	Nótaí	2024
		€000
Fabhrú saoire ^a	2.8	(6,761)
Fabhrú párolla ^a	2.8	(9,403)
		<u>(16,164)</u>

Nóta ^a CGAS 39A: Sochair Fostaithe – Cuid A

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Áirítear an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos i gcaiteachas Chlár A chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais			
	Bunaidh	318,678		
	Forlíontach	19,000		
		337,678	339,551	309,124
ii	Taisteal agus cothú			
	Bunaidh	2,816		
	Forlíontach	637		
		3,453	3,334	2,880
iii	Oiliúint agus forbairt			
	Bunaidh	1,500		
	Forlíontach	1,250		
		2,750	2,754	2,033
iv	Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach			
	Bunaidh	4,554		
	Forlíontach	306		
		4,860	3,932	3,630
v	Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF			
	Bunaidh	12,996		
	Forlíontach	3,913		
		16,909	17,466	16,730
vi	Costais áitribh	1	—	—
vii	Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde			
	Bunaidh	100		
	Forlíontach	(100)		
		—	—	—
		365,651	367,037	334,397

Nóta ^a Sa bhliain 2024, tháinig athrú ar an dóigh a dtuairiscítear agus a n-anailísítear fo-mhírchinn chaiteachais riaracháin trí na fo-mhírchinn a atheagrú. Athanailísíodh na figiúirí comparáideacha don bhliain 2023 sa tábla thuas chun iad a ailíniú leis na fo-mhírchinn nua.

Difríochtaí suntasacha

Sa nóta seo a leanas, cuirtear i láthair anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000)

iii Oiliúint agus forbairt

Soláthar meastacháin €1.5 milliún; toradh €2.75 milliún

Den chuid is mó, tháinig an barrachas €1.25 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh as an riachtanas a bhí le hoiliúint, forbairt agus tacaíocht earcaíochta. Is iad na príomhspreagthaí anseo ná na costais oiliúna a bhaineann le hOifig Phríosúin is earcaigh, rud a théann i bhfeidhm ansin ar chostais lónadóireachta, ar chostais ghlantacháin agus ar chostais ghaolmhara eile. Cumhdaítear san fho-mhírcheann seo freisin tacaíocht earcaíochta agus oiliúint riachtanach eile foirne.

v Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF

Soláthar meastacháin €12.996 milliún; toradh €17.466 milliún

Baineann an barrachas €4.470 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh leis an éileamh méadaitheach agus leis na costais ardaitheacha atá i gceist le seirbhísí iontaofa slána TFC agus bonneagar gaolmhar, bogearraí gaolmhara agus córais ghaolmhara a chothabháil. Áirítear leis sin na costais mhéadaithe a bhaineann le ceadúnú, cibearshlándáil, forbairt bogearraí, cothabháil líonra agus feabhsú seirbhísí laistigh de phríosúin, amhail saoráidí nascadh físe agus seirbhísí sna cillíní do phríosúnaigh.

vii Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde

Soláthar meastacháin €100,000; toradh €nialas

Tháinig an choigilt €100,000 chun cinn toisc nach raibh aon ghá ann le seirbhísí comhairleachta sa bhliain.

Clár A Coimeád athshlánúcháin sábháilte, slán agus daonnachtúil a riar agus a sholáthar do dhaoine a chuirtear i bpríosún

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá			
	<i>Bunaidh</i>	318,678		
	<i>Forlíontach</i>	19,000		
			337,678	339,551
				309,124
A.2	Riarachán – neamhphá			
	<i>Bunaidh</i>	21,967		
	<i>Forlíontach</i>	6,006		
			27,973	27,486
				25,273
A.3	Foirgnimh agus trealamh			
	<i>Bunaidh</i>	55,698		
	<i>Forlíontach</i>	14,552		
			70,250	70,237
				55,053
A.4	Cúram agus athshlánú príosúnach			
	<i>Bunaidh</i>	36,349		
	<i>Forlíontach</i>	8,363		
			44,712	44,826
				40,056
A.5	Oibríochtaí coimeádta agus slándála			
	<i>Bunaidh</i>	7,811		
	<i>Forlíontach</i>	1,429		
			9,240	9,061
				7,843
A.6	Seirbhísí oideachais		1,709	1,553
				1,455
A.7	Costais dlí agus cúiteamh			
	<i>Bunaidh</i>	3,250		
	<i>Forlíontach</i>	6,650		
			9,900	7,592
				4,700
A.8	Bearta míbhuntáiste shóisialta (arna maoiniú ó chuntais dhíomhaoine)		425	386
				279
		501,887	500,692	443,783

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad (+/- 5% agus €100,000).

A.3 Foirgnimh agus trealamh

Soláthar meastacháin €55.7 milliún; toradh €70.2 milliún

Den chuid is mó, is le bainistíocht saoraidí agus fónais an eastáit Príosúin ar fad a bhaineann an barrachas €14.5 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh. Mar aon le riachtanais leanúnacha chothabhála, sláinte agus sábháilteachta agus sábháilteachta dóiteáin, bhí géarghá ann le roinnt limistéar san eastát a athchumrú chun cóiríocht cillín a sholáthar chun déileáil leis an méadú mear ar líon na bpríosúnach. Bhí eachtraí adhaimsire gan choinne ann freisin a rinne mórdhamáiste suntasach do bhonneagar, rud a d'fhág gur ghá an bonneagar a dheisiú agus a uasghrádú láithreach mar ábhar práinne. Soláthraíodh cistiú caipitil breise €7.5 milliún mar chuid den phróiseas meastachán forlíontach chun cóiríocht bhreise do phríosúnaigh a chistiú.

A.4 Cúram agus athshlánú príosúnach

Soláthar meastacháin €36.3 milliún; toradh €44.8 milliún

Tháinig an barrachas €8.5 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha i réimsí na lónadóireachta agus na cóireála liachta do phríosúnaigh. Is féidir é sin a chur síos go príomha don mhéadú ar dhaonra na bpríosún sa bhliain 2024, ar lena linn a sháraigh líon na bpríosúnach 5,000 duine.

A.5 Oibríochtaí coimeádta agus slándála

Soláthar meastacháin €7.8 milliún; toradh €9.1 milliún

Tháinig an barrachas €1.3 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar mhéadú ar chostais oibríochta agus slándála, lenar áiríodh costais flít, mar thoradh ar an méadú ar líon na bpríosúnach agus ar riachtanais tionlacain. Is léiriú é freisin ar an gcostas a bhaineann le tacú le hathimeascadh príosúnach tráth scaoileadh saor, ar mhaithe le sábháilteacht a fheabhsú agus atitimeachas a laghdú.

A.6 Seirbhísí oideachais

Soláthar meastacháin €1.7 milliún; toradh €1.6 milliún

Tháinig an choigilt €100,000 chun cinn go príomha mar gheall nár soláthraíodh sa bhliain 2024 na hacmhainní leabharlainne príosúin uile sa bhreis ar beartaíodh iad a sholáthar.

A.7 Costais dlí agus cúiteamh

Soláthar meastacháin €3.3 milliún; toradh €7.6 milliún

Tháinig an barrachas €4.3 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar líon na n-éileamh a tréchuireadh a bheith níos airde ná mar a bhíodas ag súil leis. Is é atá anseo ná réimse faoi stiúir éilimh a mbainistíonn an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla go príomha é. Athraíonn an caiteachas ag brath ar chineál an cháis agus ar chandam, líon agus uainiú deiridh na ndámhachtainí.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Réadaith	Réadaith
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó chuntais dhíomhaoine		425	386
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí			279
	Bunaidh	9,500		
	Forlíontach	2,000		
		11,500	11,810	10,956
3	Ilghnéitheach	305	206	418
		12,230	12,402	11,653

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

2 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise
Soláthar meastacháin €9.5 milliún; réadaithe €11.8 milliún

Tháinig an barrachas €2.3 milliún chun cinn go príomha mar gheall ar ranníocaíochtaí aoisliúntais breise a d’eascair as an méadú ar an líon foirne agus ar chostais tuarastail.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2024	2023
Líon foirne ag deireadh na bliana	3,740	3,547

5.2 Pá

	2024	2023
	€000	€000
Pá	198,887	183,716
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	572	466
Liúntais eile	47,845	44,412
Tinreamh breise agus ragobair	61,807	53,426
ÁSPC an fhostóra	30,440	27,104
Pá iomlán	339,551	309,124

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteo irí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2024	2023
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	89	9	27,866	19,880
Tinreamh breise agus ragobair	3,453	2,588	107,990	94,119
Liúntais uainoibre agus uainchláir	3,157	1,868	22,336	20,529
Ilghnéitheach	3,526	90	18,166	16,701
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	3,470	3,128	130,847	113,649

5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Íocadh €120,571 san iomlán le 30 státseirbhíseach atá scortha agus atá ag fáil pinsean státseirbhíse, a fostaíodh arís le haghaidh dualgais éagsúla. Idir €130 agus €14,760 a bhí na híocaíochtaí. Íocadh €36,837 san iomlán le seachtar comhaltaí scortha den Gharda Síochána ar fhostaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann iad le haghaidh dualgais shonracha le linn na bliana 2024.

Bhí nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le baill foirne scortha de réir alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.5 Foireann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann de réir bandaí pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2024	2023
20,000	59,999	787	746
60,000	69,999	295	354
70,000	79,999	470	490
80,000	89,999	489	598
90,000	99,999	649	704
100,000	109,999	511	397
110,000	119,999	283	139
120,000	129,999	119	43
130,000	139,999	51	24
140,000	149,999	22	8
150,000	159,999	6	7
160,000	169,999	12	3
170,000	179,999	2	1
180,000	189,999	1	1
190,000	199,999	2	1
200,000	209,999	1	1

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteo irí	2024 €	2023 €
Ró-íocaíochtaí	327	733,616	661,494
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	128	230,497	253,524

Nóta ^a Bhí duine aonair amháin ann a raibh plean aisghabhála ró-íocaíochtaí aige agus a d'aistrigh chuig Roinn eile sa bhliain 2024. Áirítear leis na mionsonraí thuas roinnt cásanna pinsean coinnithe. Cuireadh roinnt pleananna aisghabhála aisíocaíochta sa bhreis i bhfeidhm sa bhliain go dtí seo.

5.7 Scaoilíocaíochtaí

Ní dhearnadh aon scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta le baill foirne le linn na bliana 2024.

5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is í an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21 Príosúin an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24 Dlí agus Ceart freisin. Nochtar a luach saothair agus a sochair sa chuntas leithreasa do Vóta 24.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Daonra na bpríosún

B'ionann an meánlíon measta príosúnach in aghaidh an lae sa bhliain 2024 agus 4,941 duine (2023: 4,582 dhuine).

6.2 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d’íoc Seirbhís Phríosúin na hÉireann sa bhliain						
	Éilimh a rinne				Iomlán 2024	Iomlán 2023
	Fostaithe (de dheasca díobhálacha le linn d’fhostaithe a bheith ar dualgas agus saincheisteanna eile)		Príosúnaigh (de dheasca díobhálacha agus gníomhartha eile a bhain le príosúnaigh)	Daoine den phobal		
	Éilimh shibhialta	An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla				
Líon na gcásanna	91	132	386	25	634	478
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costais dlí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann féin	122	—	493	102	717	852
Íocaíochtaí a rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann/a rinneadh thar a ceann						
Cúiteamh	733	4,133	526	386	5,778	2,226
Costais dlí	215	—	256	148	619	1,288
Costais eile	79	—	52	12	143	167
Iomlán 2024 ^b	1,149	4,133	1,327	648	7,257	4,533
Iomlán 2023	939	1,201	2,093	300	4,533	

Nóta ^a Amhail an 31 Nollaig 2024, b'ionann líon na n-éileamh gníomhach a bhí taifeadta ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát mar éilimh gan réiteach agus 623 éileamh (2023: 713 éileamh). B'ionann agus €335,889 (2023: €162,397) luach na gcostas dlí a thabhaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann i ndáil le 13 chás nár chásanna cúitimh iad agus le mionchostais dlí eile.

- ^b Áirítear leis na héilimh gan réiteach a bhí taifeadta ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 188 gcás a bhaineann le sláintíocht sna cillíní. Mar thoradh ar bhreithiúnas gaolmhar ón gCúirt Uachtarach, tá scéim curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun dul i ngleic leis na héilimh sin. Déantar na costais a bhaineann le haon chúiteamh ón scéim sin a íoc ó Vóta na bPríosúin.
- Maidir leis an tsuim €1.327 milliún a íocadh i ndáil le héilimh ó phríosúnaigh, áirítear léi suim €160,292 (2023: €197,892) i gcostais chúitimh agus i gcostais dlí gearánaithe agus suim €327,934 (2023: €225,909) i dtáillí dlí agus táillí eile Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i ndáil le cásanna maidir le sláintíocht sna cillíní. B'ionann na costais iomlána a bhaineann le cásanna maidir le sláintíocht sna cillíní agus €12.515 milliún ag deireadh na bliana 2024 (2023: €12.065 milliún). Measann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát gur dócha go mbeidh costas deiridh na gcásanna maidir le sláintíocht sna cillíní idir €15 mhilliún agus €20 milliún.
- Amhail an 31 Nollaig 2024, tá costais dlí gan íoc is ionann agus €335,908 (2023: €194,396) dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024

	Éilimh a rinne			Iomlán
	Foireann príosúin	Príosúnaigh	Daoine den phobal	
Líon na gcásanna	29	228	7	264
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann féin	111	487	79	677
Íocaíochtaí a rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann/a rinneadh thar a ceann				
Cúiteamh	631	466	200	1,297
Costais dlí	215	306	119	640
Costais eile	54	56	15	125
Iomlán	1,011	1,315	413	2,739

6.3 Speansais sochraide príosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €4,310 san iomlán (2023: €9,035) iad i dtreo speansais sochraide beirte príosúnach a cailleadh agus iad i bpríosún.

6.4 Caillteanais airgid

Sainithníodh roinnt caillteanas airgid thirim dar luach iomlán €714 (2023: €1,266) in dhá phríosún sa bhliain 2024.

6.5 Ús i leith íoc pras cuntas

Ba é €7,595 (2023: €7,713) suim an úis a tabhaíodh i leith íoc pras sa bhliain 2024.

6.6 Oibríochtaí airgeadais eile laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Ar leithligh ón ioncam agus caiteachas a léirítear sa chuntas leithreasa, tagann roinnt oibríochtaí airgeadais eile chun cinn laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann chun go

mbeidh sí in ann a cuid feidhmeanna a chur i gcrích. Baineann na hoibríochtaí sin le bainistiú chistí na bpríosúnach, le hoibriú na siopaí príosúin, le hoibriú chiste an chláir um chúnamh do phríosúnaigh (rud a bhfuiltear ag cur deireadh leis de réir a chéile) agus le hoibriú na gCoistí Deonacha Bialann foirne. Teastaíonn cuntais bhainc sa bhreis le haghaidh na n-oibríochtaí sin, agus tá na mionsonraí mar a leanas.

- **Cuntas chistí pearsanta na bpríosúnach** – Coimeádtar cuntas bainc go lárnach le haghaidh chistí pearsanta na bpríosúnach. B'ionann an t-iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024 agus €2,200,416 (2023: €1,771,323). Léirítear ansin iarmhéideanna chistí na bpríosúnach amhail deireadh na bliana agus áirítear leis an dliteanas i leith cheannacháin na bpríosúnach sna siopaí do mhí na Nollaig (ab ionann agus tuairim is €1 milliún).
- **Cuntas chistí na bpríosúnach** – Bhí dhá chuntas bainc ann le haghaidh cistí seachtracha a fháil do phríosúnaigh. Dúnadh cuntas lárnach chistí na bpríosúnach an 16 Iúil 2024. Dá bhrí sin, b'ionann an t-iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024 agus €0 (2023: €159,753). Ba é €117,778 (2023: €77,747) an t-iarmhéid ar an gcuntas a bhí fágtha amhail an 31 Nollaig.
- **Oibríocht na siopaí príosúin** – Tá siopa ('siopa milseán') inar féidir le príosúnaigh míreanna amhail táirgí milseogra agus earraí maisíochta a cheannach ag gach príosún. Íoctar as na míreanna ó chistí na bpríosúnach. Le blianta beaga anuas, rinneadh oibríocht na siopaí a athchóiriú agus a nuachóiriú. Nuair a bheidh an obair sin curtha i gcrích, cuirfear cuntas bainc lárnach amháin in ionad 11 chuntas bainc siopa a bainistíodh go háitiúil. Amhail an 31 Nollaig 2024, tá cuntas bainc áitiúil amháin ann atá i mbun oibre fós. Ba iad €1,867,932 (2023: €1,842,786) agus €15,172 (2023: €25,088) na hiarmhéideanna amhail an 31 Nollaig 2024. Ba é €460,049 (2023: €444,050) luach an stoic ar láimh.
- **Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh (CCCP)** – Baineadh úsáid as CCCP chun tionscnaimh cruatain príosúnach agus tionscnaimh ghaolmhara a mhaoiniú. Sa bhliain 2023, dúnadh ceithre cinn de chuntais bhainc CCCP a bhí á mbainistiú go háitiúil. Dúnadh gach ceann de na cuntais bhainc eile le linn na bliana 2024. B'ionann na hiarmhéideanna amhail an 31 Nollaig 2024 agus €0 (2023: €150,826).
- **Coistí deonacha bialann** – Tá coistí deonacha bialann i mbun oibre in ocht bpríosún faoi láthair chun comhordú a dhéanamh ar riar agus oibriú na saoráidí bialainne d'fhoireann na bpríosún, ar saoráidí iad a sholáthraítear trí chistíneacha oiliúna príosúnach. Oibríonn coistí deonacha bialann mar eintitis atá ar leithligh ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus atá neamhspleách uirthi. Cuireadh athbhreithniú neamhspleách ar oibriú na gcoistí deonacha bialann i gcrích i mí Aibreáin 2022 agus, de bhun mholtaí an athbhreithnithe, coimisiúnaíodh tasc breise chun raon leathan saincheisteanna airgeadais agus neamhairgeadais a fhiosrú, agus é mar aidhm leis samhail bharrmhaith a fhorbairt le haghaidh béilí foirne a sholáthar i bpríosúin. Cuireadh an tasc sin i gcrích i mí na Nollaig 2024, agus molann ann gur cheart na coistí deonacha bialann a choinneáil ar bun, faoi réir na moltaí a rinneadh a chur chun feidhme.